



Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

An Chéad Eagrán

An Clár Ábhar

| | |
|---|----|
| Réamhrá | 4 |
| Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta | 4 |
| An leibhéal gnóthachtála a chinneadh | 5 |
| Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe | 6 |
| Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú | 6 |
| An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích | 6 |
| Measúnú Rangbhunaithe in OSPS (gearrchúrsa) | 8 |
| Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal agus machnamh | 8 |
| Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: | 9 |
| An leibhéal gnóthachtála a chinneadh | 13 |
| Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair | 15 |
| Aguisín 1: Tionscadail Shamplacha | 16 |
| Aguisín 2: Teimpléad Machnaimh | 17 |

Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS): Treoirínite don Mheasúnú Rangbhunaithe*:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht do ghearrchúrsa Códaithe na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeadh chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirínite don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba chóir na treoirínite seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí agus leis an bh*Foireann Uirlisí don Mheasúnú* don tSraith Shóisearach. Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag
<https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo seo measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a dhearfadh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonracha(a) a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirínite seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire agus d'fhéadfaí é a thairfeadh chomh maith i gcomhair cruinnithe foghlama agus measúnaithe. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse

mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad*, *Os cionn na n-ionchas*, *Ag teacht le hionchais*, agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo (lch 14), leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d’obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na

Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús*) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d’obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Is ionann an Measúnú Rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi in dhá shnáithe ar a laghad den ghearrchúrsa OSPS. Ach ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh obair i dtrí shnáithe ar a laghad a chur i gcrích. Samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar thart ar shé uair an chloig d’am ranga. Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnaithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain.

Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí nó na dtopaicí don mheasúnú a shocrú go neamhspleách.

Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d’fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d’aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- A chinntiú go dtugtar *an tSonraíocht agus na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na Tuairisceoirí leibhéal a bronnadh ar gach scoláire a thaifead
- Taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú
- Na treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú a chur i bhfeidhm
- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann an múinteoir cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go mbaineann measúnú le cur ar chumas an mhúinteora torthaí a fheabhsú don scoláire, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbeadh an iomarca páipéarachais ná próisis ró-chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh aon pháipéarachas le foghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur chóir go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó foghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí rúin foghlama agus critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe a chomhroinnt, ba chóir don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a shainiú óna shaothar féin le húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainiúitear cén uair agus cén chaoi a ngabfar príomhghnéithe den foghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Seachnaítear sa chur chuige seo fianaise iomarcach agus mhíchuí a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire agus féadtar pléití i gcruinniú athbhreithnithe a thabhairt ar aghaidh ar bhealach struchtúrach. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainiú le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagasc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d’obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go straitéiseach le críochnú tráthúil an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a éascú.
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Measúnú Rangbhunaithe in OSPS (gearrchúrsa)

Beidh an measúnú in OSPS rangbhunaithe. Bíonn Measúnú Rangbhunaithe amháin ann, ar féidir é a dhéanamh sa dara nó sa tríú bliain, ag brath ar an gcaoi a socraítear amchlár an ghearrchúrsa. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal agus machnamh

Cuimsítear le gach Measúnú Rangbhunaithe tionscadal OSPS agus machnamh aonair. Is féidir an tionscadal a bhunú ar thopaic ar bith a bhaineann leis an gcúrsa agus ba chóir go bhforbródh sé an méid a foghlaimíodh ó dhá shnáithe ar a laghad den ghearrchúrsa OSPS. Trí oibriú ar an méid atá foghlamtha aige in dhá shnáithe ar a laghad, is féidir leis an scoláire naisc thábhachtacha a dhéanamh idir na gnéithe difriúla dá fholláine phearsanta, shóisialta agus shláintiúil, m.sh. *Cinntí a dhéanamh faoi úsáid substaintí agus an gaol a bhíonn aici le meabhairshláinte, Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus an chaoi a dtacaíonn sé le daoine óga a mbíonn deacrachtaí acu i gcaidrimh.* Tá samplaí de Mheasúnuithe Rangbhunaithe in AGUISÍN 1.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú tríd an tionscadal deiridh ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar an bhformáid ina gcuirfear an tionscadal i láthair. Seo cúpla ceann a d’fhéadfadh a bheith an-ábhartha:

| |
|--|
| Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal agus Machnamh |
| 1.3, 1.5, 1.6, 1.7, 1.8, 1.9, 2.2, 2.6, 2.7, 2.10, 3.2, 3.5, 3.7, 3.9, 3.11, 4.1, 4.4, 4.13. |

Ba chóir an scoláire a spreagadh chun an fhormaid is oiriúnaí ina gcuirfidh sé an tionscadal i gcrích a roghnú; formáidí scríofa, digiteacha, amhairc nó closfhormaidí. Cuirfidh an scoláire an tionscadal i gcrích le scoláire eile nó i ngrúpa beaga. Díreofar sa mheasúnú ar an ról nó an méid a chuireann gach

scoláire go haonarach leis an obair. Ní féidir glacadh le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú lena mheas sa PGSS.

Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:

Tá ceangal díreach idir measúnú in OSSP agus aidhm an ghearrchúrsa. De réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire in OSPS, sa rang, nó i ngrúpaí beaga, sainaitheoidh sé i gcomhairle lena mhúinteoir tionscadal fiúntach agus stuama ina dtugtar fianaise ar fhoghlaim ó dhá shnáithe ar a laghad as na ceithre shnáithe.

Chun tacú leis an bpróiseas sin, de réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire i snáithe ar leith, bheadh sé áisiúil aird a bheith ar na réimsí áirithe spéise nó na ceisteanna a thagann os comhair an scoláire de réir mar a théann sé tríd an snáithe. Tar éis ceann nó níos mó de na snáitheanna a chur i gcrích, féadfar dul siar ar na nótaí sin chun tionscadal a d'fhéadfaí a úsáid i Measúnú Rangbhunaithe a shainaitheint. D'fhéadfaí iarraidh ar ghrúpaí beaga scoláirí ansin ceann de na tograí sin a mheas ar bhonn níos doimhne, agus cás a dhéanamh ar a shon don rang faoin gcúis ar tionscadal fiúntach a bheadh anseo agus an ceangal atá aige le foghlaim in dhá cheann nó níos mó de na snáitheanna sa ghearrchúrsa.

Ba chóir an tionscadal a chur i gcrích le scoláire eile nó i ngrúpa. Moltar nár chóir go mbeadh níos mó ná triúr scoláirí i ngrúpa le cinntiú gur féidir le gach scoláire a chion féin a dhéanamh don phróiseas. Tá obair le daoine eile lárnach don fhoghlaim in OSPS toisc go dtugann sé deiseanna don scoláire a chuid foghlama maidir le saincheisteanna sóisialta, pearsanta agus sláinte a phlé a chabhraíonn lena chinntiú go bhfuil sé ar chumas an scoláire an fhoghlaim thábhachtach a spíonadh dó féin.

Ag an bpointe seo, bheadh sé tábhachtach socrú cibé an gcuirfidh an rang iomlán an tionscadal céanna i gcrích dá Measúnú Rangbhunaithe (ag obair i ngrúpaí beaga ar leith) nó an mbeifear in ann tacú le raon tionscadail dhifriúla. Cé gur féidir leis an scoláire tabhairt faoin obair le scoláire eile nó i ngrúpa, díreofar sa mheasúnú rangbhunaithe ar an ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonarach leis an obair.

Féadfar an scoláire a spreagadh chun leas a bhaint as raon leathan acmhainní chun a thionscadal a chur i gcrích. Is féidir é a threorú chun faisnéis sláinte atá iontaofa agus oiriúnach dá aois a shainaitheint agus léirmheas a dhéanamh uirthi. Is féidir é a threorú i dtreo beartas agus treoirínte laistigh den scoil nó ar leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta atá ábhartha don tionscadal. Féadfaidh sé foghlaim freisin faoi aon tionscnaimh áitiúla atá ábhartha don tionscadal.

Ba chóir go n-áireofaí i ngach tionscadal:

- fianaise ar raon leathan faisnéis chúlra iontaofa faoin topaic, lena n-áirítear chomh hábhartha agus chomh tábhachtach is atá sí do dhaoine óga
- feasacht ar lucht féachana i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha don tionscadal, m.sh. bileog eolais do thuismitheoirí.

Samhlaítear go dtógfaidh sé thart ar shé uair an chloig ar an scoláire an tionscadal a chur i gcrích ach braithfidh sé sin ar an scoil. Agus freagra á thabhairt ar an tionscadal, tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar an tábhacht atá le léirmhíniú cruthaitheach agus úrnua a thabhairt ar an tionscadal. Tá tionscadail shamplacha le fáil in Aguisín 1. Níor chóir féachaint ar an liosta samplaí mar rud críochnaitheach ach mar threoir do na cineálacha tionscadal a bhféadfadh an scoláire tabhairt fúthu sa Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba chóir an scoláire a spreagadh chun an fhormaid is oiriúnaí ina gcuirfidh sé an tionscadal i gcrích a roghnú; formáidí scríofa, digiteacha, amhairc nó closfhormaidí. Is féidir na gnéithe cáilíochta a úsáid chun tacú le comhráite leis an scoláire faoi chaighdeán a thionscadail.

Machnamh

I ndiaidh dó an tionscadal a chur i gcrích, iarrfar ar an scoláire machnamh **sonair** a dhéanamh. Ba chóir go n-áireofar sa mhachnamh

- míniú faoin gcaoi ar chuir sé, go haonarach nó le scoláire eile/grúpa, an tionscadal i gcrích
- tráchttaireacht ar a chuid foghlama ón tionscadal agus má bhí tionchar aige ar a dhearcadh, luachanna, thuairimí agus a iompar agus má bhí, cén fáth
- léargais faoi thábhacht na topaice do shláinte agus folláine daoine óga

In OSPS, ar cheann de na scileanna is tábhachtaí a fhorbróidh an scoláire tá an cumas atá aige machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama sna snáitheanna difriúla agus an bhrí atá léi dó féin ina shaol pearsanta agus sóisialta. Is féidir an cumas chun machnamh a dhéanamh a fhorbairt de réir a chéile de réir mar a spreagtar an scoláire machnamh rialta a dhéanamh mar chuid dá chuid foghlama in OSPS. Is féidir machnamh d'ardchaighdeán a spreagadh ach an ghné cháilíochta a bhaineann le machnamh a roinnt agus a phlé leis an scoláire.

Tá sé tábhachtach bealaí difriúla machnamh a chur ar fáil lena chinntiú nach n-éireoidh an scoláire bréan den phróiseas ach go mbeidh sé spreagtha agus suim aige ann agus san fhiúntas a bhaineann leis. Féadfaidh an scoláire a mhachnamh a chur isteach i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear formáidí scríofa, físe agus closfhormaidí. Tá teimpléad samplach machnamh le fáil in Aguisín 2.

Tá ceangal idir na chéad trí ráiteas sna Gnéithe Cáilíochta agus an tionscadal. Tá ceangal ag an ráiteas deiridh leis an machnamh. Mar shampla, sna Gnéithe Cáilíochta maidir le Thar barr ar fad –

Thar barr ar fad

- Léirítear sa tionscadal gur baineadh úsáid den scoth as faisnéis chúlra
- Léiríonn sé leibhéal cruthaitheachta den scoth agus gur tugadh léirmhíniú úrnua ar an ábhar
- Taispeánann sé feasacht den scoth maidir leis an lucht féachana, nuair is ábhartha é sin don tionscadal.
- Tá fianaise mhór ann go ndearna an scoláire machnamh fóna ar a chuid foghlama.

Is é an múinteoir a shocróidh cén tuairisceoir a bhronnfar ar an scoláire as a thionscadal ar dtús báire. Breathnóidh an múinteoir ansin ar chaighdeán machnaimh an scoláire aonair agus é ag déanamh cinnidh maidir leis an tuairisceoir deiridh a bhronnfar as Measúnú Rangbhunaithe an scoláire.

Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire

- Roghnaigh tionscadal a bhfuil spéis agat níos mó a fhoghlaim faoi. Má tá tionscadal grúpa ar siúl agat, déan cinnte go bhfuil spéis ag gach ball den ghrúpa sa topaic atá á plé agus meas acu uirthi.
- Coinnigh taifead de na topaicí a bhfuil spéis agat iontu de réir mar a bhíonn tú ag foghlaim sna snáitheanna difriúla den ghearrchúrsa OSPS. Coinnigh súil ar íomhánna, físeáin, ábhar scríofa a chuideoidh leat tuilleadh a fhoghlaim faoin topaic/faoi na topaicí sin. Cuideoidh siad leat freisin chun do thionscadal a dhéanamh níos spéisiúla.
- Díreoidh do thionscadal ar fhoghlaim in dhá shnáithe ar a laghad den ghearrchúrsa OSPS. Is smaoineamh maith é tosú trí naisc a dhéanamh idir topaicí sna snáitheanna difriúla. Cabhróidh sé sin leat tionscadal an-fhiúntach a roghnú.
- Nuair a bheidh do mhúinteoir ag cabhrú leat féin agus le do chomhscoláirí tionscadal a roghnú le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, úsáid faisnéis atá bailithe agat cheana féin agus déan tuilleadh taighde air chun cabhrú leat do ghrúpa/rang a spreagadh chun an tionscadal is dóigh leatsa is fiúntaí a dhéanamh.
- Chomh luath is a shocrófar béim an tionscadail, sainaithin foinsí faisnéise iontaofa in éineacht le do mhúinteoir. Roinn tascanna an tionscadail idir an grúpa ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh gach duine in ann oibriú ar a chuid buanna féin.

- Úsáid do chruthaitheacht chun do thionscadal a chur in iúl agus a chur i láthair. Féadfaidh tú do thionscadal a chur i gcrích mar cháipéis, cur i láthair, físeán agus/nó trí íomhánna.
- Tabharfaidh do mhúinteoir tacaíocht duit chun do thionscadal a phleanáil agus a chur i gcrích le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe OSPS. Bainfear leas as na Gnéithe Cáilíochta chun aiseolas a thabhairt duit faoin méid atá ag éirí leat a dhéanamh go maith agus faoi na rudaí ar féidir leat oibriú orthu chun iad a fheabhsú.
- Coinnigh nótaí i do dhialann phearsanta de na rudaí atá tú a fhoghlaim de réir mar a chuireann tú an tionscadal i gcrích. Cabhróidh na nótaí sin leat machnamh ar ardchaighdeán a dhéanamh faoin méid a d'fhoghlaim tú sa tionscadal.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Na Gnéithe Cáilíochta

Na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Déantar cur síos anseo ar an Tionscadal agus Machnamh. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear *Thar barr ar fad* le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear *Os cionn na n-ionchas* le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear *Ag teacht leis na hionchais* le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear *Níor chomhlíon na hionchais go fóill* le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Na Gnéithe Cáilíochta: OSPS: Tionscadal agus Machnamh

Thar barr ar fad

Léirítear sa tionscadal gur baineadh úsáid den scoth as faisnéis chúlra

Léiríonn sé leibhéal cruthaitheachta den scoth agus gur tugadh léirmhíniú úrnua ar an ábhar

Taispeánann sé feasacht den scoth maidir leis an lucht féachana, nuair is ábhartha é sin don tionscadal.

Tá fianaise mhór ann go ndearna an scoláire machnamh fóna ar a chuid foghlama.

Os cionn na n-ionchas

Léirítear sa tionscadal gur baineadh úsáid an-fhollasach as faisnéis chúlra

Léiríonn sé leibhéal cruthaitheachta an-ard agus gur tugadh léirmhíniú úrnua ar an ábhar

Taispeánann sé feasacht fhollasach ar an lucht féachana, nuair is ábhartha é sin don tionscadal

Tá fianaise láidir ann go ndearna an scoláire machnamh fóna ar a chuid foghlama.

Ag teacht leis na hionchais

Léirítear sa tionscadal gur baineadh úsáid shásúil as faisnéis chúlra

Taispeánann sé leibhéal sásúil cruthaitheachta i ndearadh an tionscadail

Taispeánann sé feasacht shásúil ar an lucht féachana, nuair is ábhartha é sin don tionscadal

Tá fianaise mhaith ann go ndearna an scoláire machnamh ar a chuid foghlama.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Léirítear sa tionscadal tuiscint theoranta ar an bhfaisnéis chúlra

Tá an chruthaitheacht nó an cumas an t-ábhar a léirmhíniú i ndearadh an tionscadail in easnamh

Tá easpa feasachta ann ar lucht féachana, nuair is ábhartha é sin don tionscadal

Is beag fianaise atá ann go ndearna an scoláire aon mhachnamh ar a chuid foghlama.

Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuisctint ar chaighdeáin ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Bailíonn múinteoirí samplaí de shaothar scoláirí agus cuireann a mbreithiúnais i gcomparáid le comhghleacaithe eile. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Nuair a bhíonn múinteoir aonair ar ghearrchúrsa i scoil, nuair is indéanta, glacfaidh an múinteoir páirt i gcruinniú Athbhreithnithe Foghlama agus Measúnaithe le scoil eile. Fiosrófar cumas TFC le tacú leis na cruinnithe sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Aguisín 1: Tionscadail Shamplacha

Ba chóir don tionscadal OSPS díriú, tríd is tríd, ar fhianaise ar fhoghlaim i dtrí gcinn ar a laghad de na ceithre shnáithe den ghearrchúrsa OSPS. Léirítear sna tionscadail shamplacha seo a leanas an chaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh. Tugann gach tionscadal deis don scoláire fianaise a thabhairt ar a chuid foghlama in dhá shnáithe ar a laghad de na ceithre shnáithe.

| Snáitheanna gaolmhara agus torthaí foghlama | Tionscadal |
|--|---|
| <p>Snáithe 1</p> <p>1.5 Spriocanna pearsanta gearr-, meán-, agus fadtéarmacha a aithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach</p> <p>1.6 Scileanna cinnteoireachta a chur i bhfeidhm i réimse suíomhanna</p> <p>1.7 Eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú</p> <p>Snáithe 2</p> <p>2.1 A mheas conas a chuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine</p> <p>2.6 Meabhrú ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena n-úsáid féin drugaí nó le húsáid daoine eile</p> <p>2.7 Léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí</p> | <p>Acmhainn a dhearadh do do chomhghleacaithe féin ar a dtugtar ‘Cúnamh leis an gCinnteoireacht’</p> |
| <p>Snáithe 1 1.2, 1.4, 1.5, 1.9</p> <p>Snáithe 2 2.3, 2.5, 2.7, 2.8, 2.9, 2.9, 2.10</p> <p>Snáithe 3 3.2, 3.3, 3.8, 3.9</p> <p>Snáithe 4 4.1, 4.2, 4.8, 4.9</p> | <p>Rannchuidiú le feachtas fógraíochta ar ‘An Ógántacht – aois na ndeiseanna’</p> |
| <p>Snáithe 2 2.5, 2.6, 2.7</p> <p>Snáithe 4 4.7, 4.8, 4.9</p> | <p>Feachtas meán a dhearadh maidir leis na hiarmhairtí atá le húsáid alcóil agus tobac agus cén áit agus cén chaoi a bhfaighidh tú cabhair le haghaidh fadhbanna a bhaineann le drugaí.</p> |

Aguisín 2: Teimpléad Machnaimh

Déanfaidh an scoláire machnamh aonair ar a thionscadal OSPS. Féadfar an machnamh a chur i gcrích ó bhéal nó é a scríobh síos.

Sampla de chroí-abairtí...

Sa tionscadal seo, iarradh orm/orainn...

Agus an tionscadal seo á dhéanamh agam/againn, ba iad na foinsí eolais ab fhearr ná... mar gheall...

Ba é an rud faoi leith a rinne mé sa tionscadal...

D'fhoghlaim mé na rudaí seo a leanas faoin topaic seo in OSPS nuair a rinne mé an tionscadal seo...

Bhí tionchar ag an tionscadal seo ar mo chuid smaointeoireachta/iompair/dearcthaí ar na bealaí seo a leanas –

Ceapaim go bhfuil an fhoghlaim seo tábhachtach do dhaoine óga mar...

Teimpléad samplach machnaimh

| |
|--|
| Snáithe |
| Topaic |
| Breac-chuntas ar an tionscadal |
| An chaoi ar chuir mé/muid an tionscadal i gcrích |
| Faisnéis thábhachtach a fuarthas agus an chaoi a ndearna mé/muid cinntí faoi na rudaí a cuireadh san áireamh ann |
| Mo rólsa sa tionscadal agus na rudaí a rinne mé go maith |
| Na rudaí a rinne mo ghrúpa go maith |
| Na rudaí a dhéanfainn ar bhealach eile an chéad uair eile |
| Dúshlán/bacainní ar tháinig chun cinn |
| Tá an tionscadal seo tábhachtach do dhaoine óga mar gheall... |
| An chaoi a gcuirfinn an méid atá foghlamtha agam i bhfeidhm ar mo shaol féin |

